

Foirm CG1

Tuairisceán Cánach Gnóthachan Caipitiúil agus Féinmheasúnú 2018



Uimhir Thagartha Cánach

Ná déan dearmad an uimhir seo a lua
in aon chumarsáid le d'Oifig Ioncaim

--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm agus Seoladh

--

Seoladh Fillte

--

Má tá an tuairisceán seo á chur isteach
agat úsáid clúdach ar bith agus scríobh
"Saorphost" lastuas den Seoladh Fillte
NÍ GÁ STAMPA

TUAIRISCEÁN GNÓTHACHAN CAIPITIÚIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

Má chomhlánaíonn tú an tuairisceán cánach seo agus cuireann tú é isteach ar nó roimh an 31 Lúnasa 2019 riomhfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an féinmheasúnú duit. Cabhróidh sé sin leat an méid ceart a íoc roimh an dáta dlite. Is cóir an Tuairisceán Cánach seo a bheith comhlánaithe agus curtha ar ais chuig d'oifig Ioncaim ar nó roimh an 31 Deireadh Fómhair 2019. Ní mór duit freisin aon iarmhéid cánach atá dlite do 2018 a íoc ar an dáta sin. Má chuirtear an tuairisceán seo isteach tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2019, gearrfar formhuirear ort anuas ar do dhliteanas cánach (5% má chuirtear isteach é laistigh de dhá mhí, seachas sin 10%). **Gearrfar formhuirear cánach ort má theipeann ort do thuairisceán Cáin Mhaoine Áitiúil a chur isteach**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachtas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh

Baineann na tagairtí do reachtaíocht le hAilt den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, mura gcuirtear a mhalairt in iúl

NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil san fhoirm seo, tuairisceán ceart de na ngnóthachan inmhuirir agus cailiteanais ceadaithe a d'fhabhraigh chugam sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 de réir fhorálacha an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (ACCán. 1997), agus

DEARBHAÍM, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil na sonraí ar fad maidir le faoisimh atá á n-éileamh curtha síos i gceart (LL/MM/BBBB)

Síniú Dáta

Stádas an tSínitheora

Seoladh Príomháite Cónaithe (Oifig Chláraithe, más Cuideachta)

 Eircode

Seoladh Gnó más éagsúil ó Sheoladh na Príomháite Cónaithe nó ó Sheoladh na hOifige Cláraithe

 Eircode

Léiriú Amhras: Má tá amhras dáiríre ort maidir le cur i bhfeidhm ceart an dlí chánach in aon ábhar sa tuairisceán seo, tabhair sonraí faoin rud atá i gceist sna réimsí iontrálacha ar leathanach 4

Sonraí Teagmhála (le haghaidh ceisteanna faoin tuairisceán seo)

TAIN an Ghníomhaire Ainm Teagmhála
Tagairt an Chliant Teileafón nó Ríomhphost

Bileog Chabhrach don Fhoirm CG1 2018

Cé a chaithfidh Foirm CG1 2018 a chomhlánú?

Iad siúd a dhiúscair sócmhainn nó sócmhainní le linn 2018, agus nach bhfuil ceangal orthu tuairisceán cánach ioncaim a chur isteach, nó a dhéanann a dtuairisceán cánach ioncaim go leictreonach ar Fhoirm 12, is gá dóibh tuairisceán Cánach Gnóthachan Caipitiúla (CGC) a chomhlánú

Níl cónaí orm in Éirinn. An gcaithfidh mé CG1 a chomhlánú?

Tá ceangal ort CGC a íoc agus ba chóir duit an CG1 a chomhlánú mura ndéanann tú tuairisceán Cánach Ioncaim de ghnáth agus má tá gnóthachain agat mar thoradh ar dhiúscairt na sócmhainní seo a leanas

- Talamh, foirgnimh agus mianraí sa Stát
- Cearta taiscéalaíochta nó saothraithe sa Scairbh Ilchríochach
- Scaireanna neamhluaithe a mbaineann mórchuid dá luach le talamh, foirgnimh nó mianraí sa Stát, nó le cearta taiscéalaíochta agus saothraithe sa Scairbh Ilchríochach
- Sócmhainní a n-úsáidtear iad chun críche trádála a dhéantar sa Stát

Cathain ba cheart dom mo dhliteanas CGC a íoc don bhliain 2018?

Tá dáta dlite an CGC bunaithe ar an dáta ar dhiúscair tú an tsócmhainn. Roinntear bliain cánach an CGC ina dá thréimhse

Seo a leanas na dátaí dlite don bhliain 2018

- Diúscairtí a rinneadh sa tréimhse 1 Eanáir 2018 go 30 Samhain 2018, an dá dháta sin san áireamh - 'tréimhse thosaigh' - CGC le híoc faoin **15 Nollaig 2018**
- Diúscairtí a rinneadh sa tréimhse 1 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2018, an dá dháta sin san áireamh - 'an tréimhse níos déanaí' - CGC le híoc faoin **31 Eanáir 2019**

D'fhéadfadh muirear úis a bheith i gceist i gcás nach bhfuil an cháin iomlán atá dlite íoctha faoin dáta dlite a luaitear thuas

Ba chóir go soláthrófá duillín pá don tréimhse in éineacht leis an íocaíocht. Tá duillíní pá le fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie nó ó Rannán an Ard-Bhailitheora. D'fhéadfadh go mbeadh aisíocaíocht ann laistigh den bhliain, mar shampla, i gcás íocaíochta a rinneadh ar ghnóthachan a fuarthas sa 'tréimhse thosaigh' agus caillteanais a tharla sa 'tréimhse níos déanaí'

Cathain ba chóir dom mo CG1 a chur isteach?

Ar nó roimh an **31 Deireadh Fómhair 2019**. Tá formhuirear i gceist má sheoltar an tuairisceán isteach i ndiaidh an dáta thuas

Cén formhuirir is cóir dom a bheith ar an eolas fúthu?

D'fhéadfadh formhuirear a bheith i gceist ag brath ar stádas do thuairisceáin Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ)

Ba chóir go gcuirfí formhuirear leis an dliteanas deiridh má sheolann tú an CG1 isteach in am, ach ag am a sheolta

- Mura bhfuil an CMÁ curtha isteach agat, nó
- Mura d'íoc tú an CMÁ agus má theip ort socrú íocaíochta a chomhaontú

Ba chóir go mbeadh ardú 10% i gceist ar an méid atá le híoc agat san Fhéinmheasúnú

Áit a dtugtar an CMÁ suas chun dáta ina dhiaidh sin, beidh uasteorainn an fformhuirir cothrom le méid an dhliteanais CMÁ ábhartha. Is féidir cabhair a fháil ón mBrainse CMÁ maidir leis seo

D'fhéadfadh go mbeidh formhuirear i gceist má sheolann tú do CG1 isteach déanach

Ba cheart formhuirear a chur leis an dliteanas deiridh má sheolann tú an tuairisceán isteach i ndiaidh an 31 Deireadh Fómhair 2019. Is é a bheidh san fhorghuirear sin ná

- 5% den tsuim iomlán cánach atá dlite faoi réir uasmhéid €12,695 má sheoltar isteach an tuairisceán ón 1 Samhain 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019, an dá dháta san áireamh
- 10% den tsuim iomlán cánach atá dlite faoi réir uasmhéid €63,485 má sheoltar an tuairisceán isteach i ndiaidh 31 Nollaig 2019

Céard a tharlóidh mura gcuirfidh mé CG1 isteach, nó má dhéanaim tuairisceán nó éileamh atá bréagach?

D'fhéadfadh go ngearraí pionóis shibhialta agus smachtbhannaí coiriúla as

- Gan tuairisceán a dhéanamh
- Tuairisceán bréagach a dhéanamh
- Tuairisceán bréagach a éascú
- Liúntais nó faoisimh a éileamh nach bhfuil dlite

I gcás ionchúisimh choiriúil, duine ar bith a dhíotáiltear as cion, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi dhliteanas maidir le ceann amháin nó gach ceann de na smachtbhannaí seo a leanas

- Fíneáil d'uasmhéid €126,970 agus/nó fíneáil suas le dhá oiread an difríocht idir an cháin fhógartha atá dlite agus an cháin a aimsíodh sa deireadh
- Tréimhse Phríosúnachta

Uimhreacha Teagmhála

Brainse CMÁ +353 1 738 3626

Rannán an Ard-Bhailitheora, +353 1 738 3663